# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

S74T

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH – ARDLEIBHÉAL

Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

***Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí***

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas ar fhreagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Olliomlán | |
| Grád | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Comhiomlán na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| Nóta: Bíodh an marc i sraith 3 thuas cothrom leis an marc sa bhosca "Marc ar an Pháipéar" thall. | |

## ROINN 1

(50 marc)

**Ba chóir duit tuairim is 15 nóiméad a chaitheamh ag freagairt na gceisteanna sa roinn seo.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN.**

**(Tá 5 mharc ar gach ceist)**

**1.** Parabal amháin ó na soiscéil a d'inis Íosa ná – (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Dainéil i bPluais na Leon ☐ An Tor Dóite ☐ An Samárach Fónta ☐ Athbheochan Iníon Iárais ☐

**2.** Is teideal é Modhnóir a luaitear le ceannaire san Eaglais Phreispitéireach. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**3.** Léigh liosta na siombailí reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda anseo thíos. Meaitseáladh siombail reiligiúnach amháin leis an reiligiún a mbaineann sí leis mar shampla duit. Meaitseáil ceann **amháin** eile.

| **Siombailí Reiligiúnacha** |
|---|
| Aum |
| Cros |
| Menorah |
| Mihrab |
| Roth Paidreoireachta |

| **Reiligiúin** |
|---|
| An Búdachas |
| An Chríostaíocht |
| An Giúdachas |
| An Hiondúchas |
| An tIoslamachas |

| | | |
|---|---|---|
| **Sampla:** | Cros | An Chríostaíocht |
| **Freagra:** | | |

**4.** Sna traidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn seicteachas ______________________________

________________________________________________________

**5.** De réir na Soiscéal, duine **amháin** ar nocht Íosa é féin dó/di tar éis a bháis agus a aiséirí ná

________________________________________________________

**6.** Is é an dearcadh atá ag liobraíoch (liberterian) ná gur chóir do gach duine a bheith saor chun déanamh de réir mar a roghnaíonn sé/sí, chomh fada agus nach gcuireann sé/sí isteach ar shaoirse chomhionann daoine eile. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** Príomhdhuine lárnach i scéal bunaithe an Ghiúdachais ná - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Abrahám ☐ Gandhi ☐ Gautama ☐ Íosa ☐

**8.** Sna traidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn ministreacht ______________________________

________________________________________________________

**9.** In Éirinn, is áit thábhachtach reiligiúnach í Cluain Mhic Nóis. Ainmnigh áit thábhachtach reiligiúnach eile in Éirinn____________________________________________

**10.** Sna traidisiúin reiligiúnacha, is é an rud a ghlaotar ar easaontas nó scoilt mhór idir dhaoine den chreideamh céanna ná ______________________

**11.** Is cuid thábhachtach de chód morálta an Ioslamachais é Zakat. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**12.** Léigh liosta na gceiliúrthaí reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda anseo thíos. Meaitseáladh ceiliúradh amháin leis an reiligiún a mbaineann sé leis mar shampla duit. Meaitseáil ceann **amháin** eile.

| **Ceiliúrthaí Reiligiúnacha** |
|---|
| Diwali<br>An Cháisc<br>Eid-al-fitr<br>Rosh Hashanah<br>Wesak |

| **Reiligiúin** |
|---|
| An Búdachas<br>An Chríostaíocht<br>An Giúdachas<br>An Hiondúchas<br>An tIoslamachas |

| | | |
|---|---|---|
| **Sampla:** | An Cháisc | An Chríostaíocht |
| **Freagra:** | | |

**13.** Is ionann Aindiachas agus ______________________

**14.** Is paidir aithrí í an phaidir a chuireann brón faoi pheaca in iúl. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**15.** Is é an dearcadh atá ag lucht an Iolrachais ná ______________________

______________________

**16.** Le linn Íosa, bhí Iarúsailéim i gCúige ______________________

**17.** Cé acu ceann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas atá ina shampla den ildiachas?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Chríostaíocht ☐ An Giúdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

**18.** Ciallaíonn iompar morálta ______________________

______________________

**19.** Sacraimint is ea ______________________

______________________

**20.** Is tosca amháin a théann i bhfeidhm ar chleachtadh reiligiúnach é ______________________

______________________

## ROINN 2


(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT THART AR 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA ATÁ LE GACH CEANN DÍOBH.

**(Tá 10 marc ar gach ceist)**

**Ceist 1. Seo grianghraf de thionól éacúiméineach.**




*Focolare*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf seo a thaispeánann go bhfuil na daoine cruinnithe le chéile do sheirbhís éacúiméineach.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Cad is éacúiméineachas ann?

______________________________

______________________________

______________________________

(4 mharc)

**C.** Tabhair **dhá** shampla eile den éacúiméineachas ag obair.

i. ______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

(4 mharc)

**Ceist 2. Tá an líníocht seo bunaithe ar mhíorúilt Íosa ag ardú Lazaras ó na mairbh.**



*Octopus Books Limited*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón líníocht seo a thaispeánann conas a chuaigh gníomhartha Íosa i bhfeidhm ar dhaoine áirithe.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Ainmnigh míorúilt **amháin** eile a rinne Íosa.

______________________________

______________________________

(4 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** thréith de ríocht Dé atá le feiceáil i míorúilt amháin a rinne Íosa.

i. ______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

(4 mharc)

**Ceist 3. Taispeánann an líníocht seo cód morálta.**




*In oiriúint ó Softkey Multimedia Inc.*

**A.** Mínigh cén fáth ar sampla é seo de chód morálta.

(4 mharc)

**B.** Ainmnigh cód morálta reiligiúnach **amháin.**

(2 mharc)

**C.** Tabhair **dhá** chúis a mbíonn cód morálta tábhachtach i bpobal creidimh.

i.

ii.

(4 mharc)

**Ceist 4. Seo grianghraf de dhuine óg ag glacadh páirte i searmanas an tSnáithe Dhiaga.**



*www.swaminarayan.org*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf seo a thaispeánann gur creideamh reiligiúnach atá á cheiliúradh sa searmanas.

(3 mharc)

**B.** Ainmnigh searmanas **amháin** eile a cheiliúrann céim i bhforbairt creidimh reiligiúnaigh.

(3 mharc)

**C.** Slí amháin chun creideamh reiligiúnach a chur in iúl ná páirt a ghlacadh i searmanas reiligiúnach. Ainmnigh **dhá** shlí eile chun creideamh reiligiúnach a chur in iúl.

i.

ii.

(4 mharc)

## ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN SLIOCHT SEO A LEANAS AS LITIR AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR THÍOS.

"….Anois díreach a tháinig mé ar ais ó sheirbhís na gCarúl Nollag. Cé go raibh sé fuar, bhí gach aon duine ann, geall leis. Nuair a sheasamar go léir chun 'Duan Nollag' a chanadh, smaoinigh mé ortsa; tá a fhios agam gurb é sin an carúl Nollag is fearr leat.

Mhaisigh na leanaí ón scoil áitiúil crann Nollag le siombailí speisialta. Sheas gach siombail do dhuine ón mBíobla a bhí ag féachaint ar aghaidh do theacht an Mheisias. D'fhéach na tuismitheoirí go léir an-mhórálach agus iad ag faire ar a gcuid leanaí ag cur réalta, cláirseacha, etc. ar ghéaga na gcrann. Léigh beirt déagóirí tráchtaireacht faoi gach duine a bhí léirithe ar an gcrann speisialta seo a nglaonn siad crann Iesse air.

Léigh an tOirmh. Ó Fearghaíl roinnt dánta agus paidreacha nua-aimseartha chomh maith le léachtaí ón mBíobla. Bhí ionadaíocht ag gach duine ón bpobal sa mhórshiúl chun dealbha a chur sa mhainséar. Bhí dealbha Mhuire agus Iósaf á n-iompar ag lánúin nuaphósta atá díreach tar éis teacht chun cónaithe anseo; cheap mé go raibh sé go deas iad a bheith san áireamh sa tslí sin. Fiú, scríobh baill bhanna áitiúil a gcarúl féin don ócáid. D'fhéadfá a fheiceáil gur shíl gach aon duine a lán de.

Lasamar coinnle do chairde agus do bhaill chlainne nach raibh ann. Las mé coinneal duitse, na mílte fada i gcéin. Níor ghá dom aon rud a rá; an choinneal a lasadh agus féachaint ar a lasair, ba leor é sin chun go mbeadh a fhios agam go mbeadh Nollaig mhaith agatsa freisin.

Nuair a chroith mé lámh le daoine mar chomhartha na síochána, d'iarr a lán díobh orm a ndea-ghuí a sheoladh chugat agus Nollaig shona a ghuí ort. I rith chomhartha na síochána, d'iompair an grúpa óige áitiúil suas boscaí bréagán agus bia a bhí bailithe acu do dhaoine i ngátar.

Tá súil agam gur thaitin an bronntanas leat a chuir mé chugat. Chuir mé isteach freisin píosa beag tuí ón mainséar. Táim cinnte go raibh tú ag déanamh iontais faoi cad a bhí ann. Cheap mé go gcuirfeadh sé i gcuimhne go maith duit, iad siúd go léir a bhfuil aithne agat orthu agus a bhfuil grá acu duit, agus atá ag cuimhneamh ort agus an Nollaig á ceiliúradh acu..."

**1.** Cén fhianaise atá sa litir seo a thugann le tuiscint gur am tábhachtach reiligiúnach í an Nollaig?

(12 mharc)

**2.** a. Cén fhianaise atá sa litir seo gur sampla den phaidreoireacht chomhchoiteann a bhí i seirbhís na gcarúl?

(10 marc)

b. Tabhair sampla **amháin** de shiombail a úsáideadh le linn na seirbhíse carúl seo agus mínigh an bhrí atá leis.

(10 marc)

**3.** Tabhair **dhá** chúis go ndéanann daoine adhradh.

i.

ii.

(6 mharc)

**4.** Conas a thaispeánann an litir seo an bhrí atá le ceann **amháin** díobh seo a leanas?

- Creideamh reiligiúnach
- Iontas

(12 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 50 marc ar gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. Ainmnigh eaglais **nó** eagraíocht reiligiúnach **nó** ord crábhaidh **amháin** in Éirinn an lae inniu, agus tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí ina mbíonn tionchar ag a chuid creideamh ar shlí mhaireachtála a chuid ball.

An eaglais / An eagraíocht reiligiúnach / An t-ord crábhaidh ______________________________

i. ______________________________

ii. ______________________________

(24 marc)

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar dhúshlán **amháin** a dtugann eaglais **nó** eagraíocht reiligiúnach **nó** ord crábhaidh aghaidh air in Éirinn inniu.

______________________________

(10 marc)


b. Scríobh breac-chuntas achomair ar conas a d'fhéadfadh creidimh na heaglaise **nó** na heagraíochta reiligiúnaí **nó** an oird chrábhaidh ainmnithe agat thuas cabhrú lena gcuid ball freagairt don dúshlán seo.

(16 mharc)

## Ceist 2. AN PHALAISTÍN LE LINN ÍOSA

**A.** a. Sna spásanna atá marcáilte ar léarscáil na Palaistíne thíos scríobh -

- Ainm na cathrach léirithe ag a)
- Ainmneacha na bhfarraigí léirithe ag b) agus c).




(6 mharc)

b. Ainmnigh eachtra thábhachtach **amháin** i saol Íosa a tharla i gceann **amháin** de na háiteanna atá ainmnithe agat thuas.

Ainm na háite ______________________ Ainm na heachtra_________________________

(10 marc)

c. Scríobh breac-chuntas achomair ar an rud a tharla san eachtra atá ainmnithe agat thuas.

(10 marc)

**B.** a. Cad leis a raibh an pobal Giúdach ag súil ón Meisias le linn Íosa?

(10 marc)

b. Scríobh breac-chuntas ar shlí **amháin** ar chomhlíon Íosa an rud a rabhthas ag súil leis ón Meisias lena linn.

(7 marc)

c. Scríobh breac-chuntas ar shlí **amháin** nár chomhlíon Íosa an rud a rabhthas ag súil leis ón Meisias lena linn.

(7 marc)

## Ceist 3. SCÉALTA CREIDIMH

**A.** a. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a ndearna tú staidéar air agus ainmnigh an téacs naofa is mó a luaitear leis:

An Búdachas ☐ An Giúdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

Ainm an téacs naofa ________________________________________ (5 mharc)

b. Mínigh go hachomair an fáth ar cáipéis chreidimh é an téacs naofa seo.

(10 marc)

**B.** a. Scríobh breac-chuntas ar dheasghnáth reiligiúnach **amháin** ina ndéantar an téacs naofa, atá ainmnithe agat thuas, a úsáid.

(10 marc)

b. Déan cur síos ar **dhá** shlí ina dtéann an téacs naofa sin i bhfeidhm ar shlí mhaireachtála leanúnaí den reiligiún domhanda sin.

i.

ii.

(10 marc)

**C.** ◆ An Búdachas ◆ An Giúdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas

Déan cur síos achomair ar thréimhse forbartha i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas.

(15 mharc)

## CEIST 4. CUARDACH BRÍ

**A.** Mínigh go hachomair conas is féidir le creideamh reiligiúnach fás as na ceisteanna a chuireann duine agus é/í ag cuardach brí sa saol.

(16 mharc)

**B.** Sainaithin **dhá** thoisc eile a théann i bhfeidhm ar chreideamh pearsanta duine.

i.

ii.

(16 mharc)

**C.** Cuireann daoine an cuardach brí in iúl i mórán slite.

Tabhair **dhá** shampla den tslí ina gcuireann daoine an cuardach brí in iúl i ndomhan an lae inniu agus tabhair cuntas gearr ar gach sampla faoi seach.

i.

ii.

(18 marc)

## CEIST 5. PAIDREOIREACHT

**A.**

*"Nuair a bhím buartha, deirim paidir………Mothaím ciontach agus mé ag paidreoireacht mar bím ag lorg rud éigin i gcónaí…"*

*"Domsa bíonn páirt mhór ag an tost (ciúnas) sa phaidreoireacht, mar má éisteann tú dian go leor, cloisfidh tú Dia ag labhairt ar ais leat."*

*Foinse: Veritas (in oiriúint)*

Cén fáth a bhfuil an phaidreoireacht tábhachtach i saol duine a bhfuil creideamh reiligiúnach aige/aici?

(15 mharc)

**B.** An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Giúdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas, a bhfuil staidéar déanta agat air, agus ainmnigh an áit adhartha a mbailíonn baill an reiligiúin dhomhanda seo go rialta inti chun paidreoireachta.

a. Ainm an áit adhartha ____________________

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar an áit adhartha atá ainmnithe agat thuas.

(15 mharc)

c. Déan cur síos ar conas a fhéadann an áit adhartha atá roghnaithe agat thuas cabhrú le daoine paidreoireacht a dhéanamh.

(15 mharc)

## CEIST 6. AN MHORÁLTACHT

**A.** Cad is aibíocht mhorálta ann?

(14 mharc)

**B.** Is féidir go mbeadh tionchar ag teaghlach duine, ag a chairde, ag a reiligiún, etc. ar thuairim duine faoi cad is ceart agus cad is éigeart ann.
Scríobh breac-chuntas ar conas is féidir le **dhá** cheann ar bith dá leithéid **sin** thuas tionchar a imirt ar thuairim duine faoin gceart agus faoin éigeart.

i.

ii.

(16 mharc)

**C.** Agus é ag teacht ar chinneadh, conas a dhéileálfadh duine, atá aibí go morálta, leis na tionchair éagsúla ar a t(h)uairim, faoin gceart agus faoin éigeart.

(20 marc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH LEIS AN ROINN SEO.**

FREAGAIR CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 70 marc ar gach ceist)**

**Ceist 1.**

a. Scríobh breac-chuntas ar shampla **amháin** de chomhchaint idirchreidmheach a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

b. Pléigh na cúiseanna a bhíonn ag daoine le páirt a ghlacadh i gcomhchaint idirchreidmheach.

**Ceist 2.**

- Mac Dé
- Mac an Duine

Scríobh breac-chuntas ar cad a thaispeánann ceann **amháin** de na teidil thuas faoi thuiscint na gCríostaithe luatha ar Íosa.

**Ceist 3.**

- An Búdachas
- An Giúdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas

Pléigh conas atá stíl na ceannaireachta i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas faoi thionchar ag an dearcadh beatha, a raibh a bhunaitheoir / leanúnaithe tosaigh dílis dó.

**Ceist 4.**

*Ag an reiligiún agus ag an eolaíocht araon, tá pointí cosúlachta agus pointí difríochta ina dtuiscint ar an gcruthaíocht.*

Scríobh breac-chuntas ar chosúlacht **amháin** díobh seo agus ar dhifríocht **amháin** díobh seo.

**Ceist 5.**

*Léiríonn an phaidreoireacht agus an t-adhradh comhchoiteann cad ann a gcreideann pobal agus cad air a leagann siad luach.*

Pléigh an ráiteas sin maidir le pobal creidimh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Ceist 6.**

Scríobh breac-chuntas ar conas a bhí cuardach na fhirinne *nó* cuardach na síochána ina fhórsa tiomána i saol duine creidimh a luaitear le reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

DÉAN DEIMHIN DE, LE DO THOIL, GO DTUGANN TÚ UIMHIR NA CEISTE ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Ceist ___

(70 marc)

**LEATHANACH**

**BÁN**